2023/2238

9.11.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 83/2023

an 28 Aibreán 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2238]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/973 ón gCoimisiún an 14 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chritéir a leagan síos maidir le héifeachtúlacht agus sábháilteacht agranamaíoch le haghaidh úsáid seachtháirgí i dtáirgí leasacháin AE ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 1 (Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XIV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'1a. **32022 R 0973**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/973 ón gCoimisiún an 14 Márta 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chritéir a leagan síos maidir le héifeachtúlacht agus sábháilteacht agranamaíoch le haghaidh úsáid seachtháirgí i dtáirgí leasacháin AE (IO L 167, 24.6.2022, lch. 29).'

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/973 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 77/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

([1]) IO L 167, 24.6.2022, lch. 29.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([2]) IO L, 2023/2233, 9.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/2233/oj,